Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0209

An Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Libéire i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí agus Rialachas i dtaca le Foraoisí, agus Trádáil táirgí adhmaid: foirceannadh

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le foirceannadh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Libéire i ndáil le forfheidhmiú an dlí agus rialachas i dtaca le foraoisí, agus trádáil táirgí adhmaid isteach san Aontas Eorpach (14569/2025 – C10-0299/2025 – 2025/0259(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (14569/2025),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Libéire i ndáil le forfheidhmiú an dlí agus rialachas i dtaca le foraoisí, agus trádáil táirgí adhmaid isteach san Aontas Eorpach[1],

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagail 207(4), an chéad fhomhír agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0299/2025),

– ag féachaint don rún neamhreachtach uaithi an 17 Meitheamh 2026[2] ar an dréachtchinneadh,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

---

1 IO L 191, 19.7.2012, lch. 3, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:22012A0719(01).

2 Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2026)0210.

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0133/2026),

1. ag tabhairt a toilithe d’fhoirceannadh an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na Libéire.